*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Náiscoil Neachtain
## Dún Geimhin

## Dáta na Cigireachta: Aibreán 2009

# FAISNÉIS STAITISTIÚIL

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ionaid Réamhscoile:** | Naíscoil Neachtain |
| **Seoladh:** | 55, Bóthar Gharbhachaidh<br>DÚN GEIMHIN<br>Co Dhoire<br>BT47 4LU |
| **Cineál Bainistíochta:** | Deonach |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 21 Aibreán 2009 |
| **Dáta na Cigireachta roimhe sin:** | 9 Feabhra 2004 |

## 1. Sonraí faoi na Páistí

| **Líon iomlán na bpáistí:** | **seisiún am** | **seisiún pm** |
|---|---|---|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 15 | - |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 13 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 13 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 0 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 0 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 2 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | - |
| • a d'fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 0 | - |
| **Tinreamh:** | | |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán* | 75% | - |

* Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

## 2. Sonraí faoin Fhoireann

| **Líon:** | **Lánaimseartha** | **Páirtaimseartha** |
|---|---|---|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | 2 | 0 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | 2 | 0 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | 0 | 0 |

| **Líon: **** | |
|---|---|
| Mic léinn | 1 |
| Oiliúnaithe | 0 |

** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Sonraí faoi Sheisiúin

| **Fad ama sheisiún na maidine** | **Fad ama sheisiún an tráthnóna** | **Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe** |
|---|---|---|
| 2½ huaire an chloig | | 188 |

## 4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| | |
|---|---|
| Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí: | 14 |
| Céatadán acu a cuireadh ar ais: | 64% |
| Líon na dtuairimí scríofa: | 4 |

**NAÍSCOIL NEACHTAIN, DÚN GEIMHIN, CO. DHOIRE, BT47 4LU (2AB-0046)**

1. Is ionad réamhscolaíochta lán-Ghaeilge Naíscoil Neachtain atá lonnaithe i gcóiríocht a tógadh de sainchuspóir ar imeall Dhún Geimhin, Contae Dhoire. San am i láthair tá 15 páistí ag freastal ar an naíscoil; freastalaíonn 13 acu ar bhonn lánaimseartha agus tá siad sa bhliain réamhscolaíochta. Ceapadh an ceannaire agus an cúntóir i Meán Fómhair 2007.

2. Ar na socruithe le haghaidh na cigireachta ar thréadchúram agus ar chosaint leanaí, bhí deis ag tuismitheoirí, ag an ghrúpa bainistíochta agus ag an fhoireann ceistneoir rúnda a chomhlánú roimh an chigireacht. D'fhreagair naonúr tuismitheoirí an ceistneoir agus nocht ceathrar acu tuairimí breise scríofa. Cuireann na freagraí i gceistneoirí na dtuismitheoirí in iúl go bhfuil ardmheas acu ar an naíscoil agus gur mór acu:

- na gníomhaíochtaí cruthaitheacha, spreagúla a chuirtear ar fáil;
- an t-áitreabh geal, tarraingteach;
- an t-éiteas comhbhách; agus
- a mbaint le hobair na naíscoile.

Bhí freagraí i gceistneoirí na foirne go hiomlán dearfach; léirigh freagraí an ghrúpa bainistíochta a mbaint le próiseas pleanála fhorbairt na naíscoile agus spiorad an chomhoibrithe taobh istigh den naíscoil.

3. Tá caighdeán na socruithe i leith tréadchúraim sa naíscoil an-mhaith. Ar na buanna áirítear an t-éiteas comhbhách, sona, an bhéim a leagtar ar mheas a chothú ort féin agus ar dhaoine eile agus an sárchaidreamh oibre ag gach leibhéal.

4. Tá socruithe an-mhaith ag an naíscoil leis na páistí a chosaint. Léiríonn na socruithe seo an treoir a d'eisigh an Roinn ábhartha.

5. Tá aird mhór ag an naíscoil ar bhia sláintiúil agus aclaíocht a chur chun cinn, mar shampla, cuirtear smailc shláintiúil ar fáil do na páistí gach lá agus tugann an láthair shúgartha taobh amuigh, ar cuireadh acmhainní ar fáil di ar na mallaibh, deiseanna cuí, dúshlánacha, spreagúla i leith súgradh fisiceach.

**6. Is iad seo a leanas príomhbhuanna sholáthar oideachais agus tréadchúraim na naíscoile:**

- éiteas an-dearfach na naíscoile a chothaíonn féinmheas, muinín agus neamhspleáchas na bpáistí;
- an curaclam leathan, cothrom a thugann deiseanna maithe foghlama do na páistí thar gach réimse den churaclam réamhscoile, agus cuairteanna rialta ar áiteanna suimiúla sa cheantar máguaird san áireamh, le heispéiris foghlama na bpáistí a fheabhsú;
- na gnáthaimh éifeachtacha i leith féinmheasúnaithe as a dtagann feabhsú agus forbairt straitéiseach ghairmiúil na foirne de réir tosaíochtaí sainaitheanta, cuí an churaclaim;

- an caidreamh an-mhaith oibre le tuismitheoirí agus na naisc éifeachtacha le gníomhaireachtaí seachtracha le tacú le riachtanais aonair foghlama na bpáistí;

- fís agus bainistíocht straitéiseach an cheannaire thiomanta, a bhfuil tacaíocht ábalta an chúntóra dhícheallaigh, thiomanta aici, agus an bhaint atá ag an choiste bainistíochta le saol agus le hobair na naíscoile; agus

- an chóiríocht gheal, fhairsing a tógadh de sainchuspóir agus an láthair taobh amuigh a sholáthraíonn timpeallacht spreagúil foghlama a bhfuil achair sho-aitheanta súgartha ann.

**7. Sainaithníodh an réimse seo a leanas le haghaidh feabhsúcháin sa chigireacht:**

- go gcinnteodh an fhoireann gurb í an Ghaeilge an teanga oibre is mó sa naíscoil agus go mbainfeadh an fhoireann níos mó úsáide as an Ghaeilge le teanga agus foghlaim na bpáistí a leathnú.

8. D'oibrigh an fhoireann go crua le modhanna úsáideacha féinmheasúnaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tá dul chun cinn maith déanta maidir le breathnú ar an chleachtas sa seomra súgartha, in athbhreithniú áiseanna, úsáid na cóiríochta agus eagrú ghnáthchúrsaí an lae. D'aithin an fhoireann an fheidhm lena n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú a thuilleadh agus thosaigh siad a dhéanamh socruithe cuí cnuasaithe le hionaid eile réamhscolaíochta lán-Ghaeilge sa cheantar le gné ríthábhachtach seo an tsoláthair a fheabhsú. Chuir an speisialtóir luath-óige go sármhaith le forbairt foriomlán an tsoláthair sa naíscoil seo. Tá an tacaíocht fócasaithe go maith agus cuireann sí go héifeachtach le riachtanais na naíscoile. Is buanna ar leith an chnuasthacaíocht, na straitéisí féinmheasúnaithe agus sainaithint chuí riachtanais forbartha gairmiúla na foirne.

9. Sna réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá caighdeán an oideachais a chuireann an naíscoil ar fáil go maith. Tá buanna tábhachtacha ag an naíscoil i mbunús a soláthair oideachais agus thréadchúraim. Sainaithníodh le linn na cigireachta réimse le haghaidh feabhsúcháin, ar léirigh an naíscoil go bhfuil sé d'acmhainn aici tabhairt faoi. Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna monatóireacht ar dhul chun cinn na naíscoile sa réimse le haghaidh feabhsúcháin.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2009

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk